

ELeathanach339

Dé Luain, 27 Eanáir 2020

Greta Thunberg san Eilbhéis

Tá aithne ag gach duine ar Greta Thunberg anois. Is cailín óg í a bhfuil clú agus cáil uirthi ar fud an domhain. Is as an tSualainn í. Tá sí seacht mbliana déag d'aois. Is gníomhaí aeráide í atá freagrach as gluaiseacht domhanda.

I Mí Mheán Fómhair, bhí Greta ina ceannaire ar an agóid aeráide is mó a bhí ann riamh. Dar le Greta nach bhfuil go leor déanta againn don timpeallacht. Teastaíonn uaithi go mbeidh saol 'níos glaise' againn go léir.

Bhí an Fóram Eacnamaíochta Domhanda in Davos san Eilbhéis an tseachtain seo caite. Bhí Donald Trump ann. Ní aontaíonn Greta le tuairimí Donald Trump. Bhí Greta i gceannas ar agóid aeráide a tharla ag deireadh an Fhórait. Ba mhaith le Greta go ndéanfadh na ceannairí domhanda níos mó don timpeallacht. Greta abúl!



Seo grianghraf den agóid aeráide in Davos an tseachtain seo caite.


An Dochtúir Niamh Murphy

Is mise an Dochtúir Niamh Murphy. Tá mé ag obair mar dhochtúir teaghlaigh i nDún Laoghaire, Baile Átha Cliath. Tá Dún Laoghaire suite in aice na farraige.

Is breá liom mo phost. Tagann a lán páistí isteach a bhfuil Gaeilge acu. Labhraím Gaeilge leo. Labhraím Gaeilge gach lá! D'fhreastail mé ar ghaelscoil nuair a bhí mé óg.

Tá an slaghdán agus an fliú ar a lán daoine na laethanta seo. Seo mo chomhairle daoibh, a pháistí:

1. Ní gá bhur lámha go minic i rith an lae.
2. Bainigí úsáid as ciarsúir nuair a ligeann sibh sraoth.
3. Ólaigí go leor uisce.
4. Bígí ag spraoi amuigh faoin aer.



Bliain Nua na Síneach

Thosaigh an bhliain nua ar an 25 Eanáir 2020. Titeann an lá seo ar lá éagsúil gach bliain toisc go mbraitheann sé ar an ngealach.

Críochnóidh an fhéile ar an 8 Feabhra 2020. Bíonn ainm éagsúil ar an mbliain nua gach bliain. Is í 'Bliain an Fhrancaigh an t-ainm atá uirthi i mbliana.

Itheann daoine a lán bia agus bíonn féastaí acu. Bíonn laindéir dhearga le feiceáil gach áit! Tá siad sa phictiúr seo! Seo abairt Mandairínise daoibh: Gong Xi Fa Cai /gong-sshee faa-tseye/ (Mandairínis) nó mar atá sa Ghaeilge "Athbhliain faoi mhaise duit".

恭喜发财 / 恭喜發財

